

## **INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**

### **SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE, FÓMHAR 2019**

---

#### **SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**

---

##### **PÁIPÉAR II – 100 MARC**

**(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)**

---

**Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.**

---

#### **ROIENN A**

#### **PRÓS**

#### **Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

1. “Pléitear tréithe an asail ar bhealach an-éifeachtach sa scéal ‘M’Asal Beag Dubh’, le Pádraic Ó Conaire.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)
  
2. “Tugann ‘La Fontaine’, le Breandán Ó Doibhlin cuntas soiléir ar nádúr na bhfabhalscéalta.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don aiste mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)

## **ROINN B**

### **FILÍOCHT**

#### **Freagair Ceist 3 nó Ceist 4**

3. “Samhlaíocht iontach an pháiste is téama don dán, ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.”

Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

## **TEILIFÍS**

*(Faoi m'iníon Saffron)*

Ar a cúig a chlog ar maidin  
Theastaigh an teilifís uaithi.  
An féidir argóint le beainín  
Dhá bhliain go leith?  
Síos linn le chéile  
Níor bhacas fiú le gléasadh  
Is bhí an seomra préachta.  
Gan solas fós sa spéir  
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.  
Anois! Sásta?  
Ach chonaic sise sneachta  
Is sioráf tríd an sneachta  
Is ulchabhán Artach  
Ag faoileáil  
Os a chionn.

4. “Comóradh measúil ar laoch amháin a throid in Éirí Amach 1916 is ea ‘Do M’Athair,’ le Caoimhín Ó Conghaile.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)

## DO M’ATHAIR

*Luan Cáscá, 1916*

Ní thig liomsa cloch ná umha  
Ná marmar plúrgheal  
D'ardú chun do chuimhnese,  
Ná fiú le ceol na mbuabhall  
Aire an tslua  
Do dhíriú ar d’íobairtse.  
Dreonn gach leacht dá chrucht  
Is don cheol ní buan  
Ach ar uair a sheinte amháin;  
Ach an fhad a bheidh saorfhír buach  
Is é a saoirse siúd do chuimhneachán.